



# Conas Babhtáil Éadaí a Eagrú





Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Conas Babhtáil Éadaí a Eagrú





## Cad is babhtáil éadaí ann?


Is cóisir nó imeacht é babhtáil éadaí. Tugann daoine na héadaí nach gcaitheann siad a thuilleadh mar mhalairt ar éadaí a n-úsáidfidh siad. Tugtar swishing air freisin!

Cuireann an treoir seo liosta na gcéimeanna, na leideanna agus na moltaí chun cabhrú leat do chóisir nó d’imeacht babhtáil éadaí féin a phleanáil agus a reáchtáil.

## Cad iad na buntáistí a bhaineann le babhtáil éadaí?

- **Tacaíocht don timpeallacht:** is gníomh dearfach an comhshaoiil é malartú éadaí a eagrú. Coinníonn an bhabhtáil na héadaí á n-úsáid níos faide. Cabhraíonn sé freisin le cur amú na n-éadaí maithe a sheachaint. Is féidir le seo astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus uisce a shábháil.
- **Airgead a spáráil:** is féidir le d’aíonna a gcuid fheisteas a n-uasdátú gan an iomarca airgid a chaitheamh.
- **Stíl úr:** éiríonn sé leadránach nuair a chaitheann tú an rud céanna arís agus arís eile. Is bealach spraíúil agus éasca é an bhabhtáil éadaí le rud éigin nua a aimsiú.







## Ar fheabhas! Conas a dhéanaim eachtra babhtáil éadaí a phleanail?

**Ba mhaith leat do bhabhtáil éadaí a bheith spraoiúil, suimiúil agus dearfach. Chun an leas is fearr a bhaint as, tóg roinnt ama roimh do bhabhtáil éadaí chun na ceisteanna seo a fhreagairt.**



### Cén fáth a bhfuil babhtáil á eagrú agat?

Déan cinneadh ar an gcineál imeachta ar mhaith leat a chur ar siúl. Déanann a leithéid cuma an eachtra a shocrú, rud a déanann an phleanáil níos éasca. B'fhéidir gur mhaith leat rud éigin a dhéanamh ar leas an chomhshaoil, airgead a bhailiú ar chúis ar leith nó cóisir galánta faisin a reáchtáil.


### Cé orthu atá an babhtáil dírithe?

- Cabhróidh freagra na ceiste seo leat cuid de na ceisteanna eile faoi do bhabhtáil a fhreagairt.
- An bhabhtáil éadaí í atá dírithe ar do theaghlach, ar do chairde ar do do chomhghleacaithe oibre? Ar mhaith leat go bhfreastalódh an pobal i gcoitinne uirthi chomh maith?
- An gcabhróidh iad siúd a thagann chun babhtála a dhéanamh leat leis an imeacht a eagrú roimhré agus a shlachtú ina dhiaidh? Nó an gá duit iarraidh ar dhaoine éigin cuidiú leat dá dtoil féin?

### An gcosnóidh sé freastal ar do bhabhtáil?

- Más ag babhtáil le do chairde tú, is dócha go mbeidh an cead isteach saor in aisce. Má tá airgead á bhailiú agat, b'fhéidir gur mhaith leat táille a ghearradh chun freastal ar an imeacht.
- Nuair a fhógraíonn tú do bhabhtáil éadaí, beidh ort faisnéis faoi na costais a mbaineann leis a chur in iúl.





# Cad atá á bhabhtáil agat?

**Roghnaigh téama agus cineál na néadaí le haghaidh babhtála.**
Mar shampla, b'fhéidir go ndíreoidh tú ar gheansaithe na Nollag, ar éadaí le dul amach, ar éadaí leanaí, ar éadaí réchúiseacha, ar éadaí an tsamhraidh nó ar chultacha Oíche Shamhna.

**Déan iarracht rud éigin a bheith le fáil do gach éinne.**
Is féidir le seodra, sparáin, lúibíní cufa, málaí, criosanna agus scaifeanna tuilleadh rogha a chur leis.

**Bíodh an cháilíocht, agus ní an chainníocht, ag teastáil uait.**
Iarr ar gach éinne éadaí ghlana, inchaite agus ar ardchaighdeán a thabhairt leo.

**Déan na rudaí nach féidir á mbabhtail a liostú.**
Ar chúiseanna sláinte, iarr ar dhaoine gan a leithéid a thabhairt leo: feistis snámha, cluaise agus fo-éadaí.

**Déan an ócáid a bheith cóír do gach éinne.**
Socraigh íoslíon agus uaslíon na bpíosaí is féidir le héinne a thabhairt lena mbabhtáil, idir 5 phíosa agus 10 bpíosa de ghnáth.









## An mbeidh tuilleadh ag tárlú ag do babhtáil?

**Smaoinigh ar shiamsaíocht eile.**
Aoi-chaint? Raifil? Maidin caife?


**Smaoinigh ar cuireadh a thabhairt do sheirbhís deisiithe áitiúil.**
D’fhéadfaidís a léiriú conas deisiúcháin simplí a dhéanamh. Seans go mbeadh siad in ann deisiúcháin a dhéanamh ar na héadaí atá á mbabhtáil ag an imeacht. Labhair leo faoin méid a chosnódh a leithéid.

**Seinn ceol bríomhar.**
Cuidíonn ceol bríomhar leis an atmaisféar ceart a chruthú.

**Cathain a bheidh do bhabhtáil ar siúl?**
Roghnaigh am a oireann dóibh siúd atá ag teacht chuig do bhabhtáil.

- Má tá do bhabhtál éadaí ar siúl ag an deireadh seachtaine, déan á heagrú go mall ar maidin nó go luath san iarnóin é. Ag an deireadh seachtaine, bíonn an-chuid daoine gnóthach san oíche.
- Smaoinigh ar rudaí a d’fhéadfadh teacht salach ar do bhabhtáil, ar nós uaireanta oibre, laethanta saoire scoile, agus féilte nó imeachtaí spóirt.
- Roghnaigh am tosaithe agus am críochnaithe. Beidh tionchar freisin ag an am a roghnaíonn tú ar an seomra nó ar an ionad le haghaidh do bhabhtála.





## Cá mbeidh sí ar siúl?

Más babhtáil beag atá inti le do chairde, is féidir á heagrú i do theach. Más imeacht níos mó atá inti, seans go mbeidh ort seomra nó ionad éigin a fháil ar cíos.

**Le haghaidh imeacht mhór an phobail:**


Smaoinigh ar sheomra a fháil ar cíos san ionad pobail áitiúil, sa halla paróiste nó in ionad ghnó áitiúil.

**Bí cinnte go bhfuil seo a leanas ag an ionad:**

- árachas dliteanais phoiblí. (Má tá imeacht phoiblí á fhógairt agat, tá árachas tábhachtach);
- seomra folctha; agus
- rochtain do chách.

## Conas is féidir le daoine teacht chuig do bhabhtáil éadaí?

Caithfidh d’aíonna a bheith in ann teacht chuig go héasca d’imeacht. An bhfuil stad bus, stad Luas, stad DART nó stáisiún traenach i ngar don ionad, nó seastán rothar nó párcáil ghluaisteáin ar fáil in aice dó?



# Cad a theastaíonn uait ag an ionad?

Má tá babhtáil bheag á dhéanamh agat sa bhaile, is dócha go bhféadfaidh tú cinneadh a dhéanamh faoin áit a a gcuirtear na rudaí le babhtáil díreach roimh nó le linn na himeachta.

Más babhtáil níos mó atá inti, déan léarscáil nó plean den tseomra nó den ionad.

- Cá háit a dtagann daoine isteach? An bhfuil ionad fáiltithe ann?
- An bhfuil áit feithimh ag teastáil?
- An bhfuil beár nó ionad sólaistí uait?
- Cá mbeidh an seomra feistis?
- Cá gcuirfidh tú boird, ráillí agus cathaoireacha chun na héadaí agus na gabhálais a chur ar thaispeáint?
- Cé mhéad crochaire, raca cóta agus ráillí atá uait?
- An bhfuil an dóthain spáis ann dóibh siúd le bugaí nó le cathaoireacha rothaí bogadh thart?
- An bhfuil scátháin lán-fhad ar fáil sa tseomra feistis? An mbeidh scátháin ar fáil in áiteanna eile?
- An mbeidh na hearraí ar thaispeáint de réir méide, datha nó cineáil?
- Cá gcuirfidh tú na comharthaí? Cabhróidh comharthaí a léiríonn cineál nó méid éadaí go mór leis na haionna.
- Cá háit a mbeidh do chuid oibrithe deonacha ag obair? Ar fáiltiú, sna seomraí feistis, ag glanadh suas tar éis na babhtála, nó ag sórtáil agus ag taispeáint na n-éadaí?



## Cad a dhéanfaidh tú leis na héadaí atá fágtha?

Déan cad atá le déanamh leis na héadaí atá fágtha a phleanáil.

- An dtabharfaidh tú do shiopa carthanachta na háité iad?
- An ndéafaidh tú á bpacáil suas i gcomhair an chéad babhtáil eile agat?
- An ndéanfaidh tú á n-athchúrsáil?



Más mian leat á n-athchúrsáil, tá gréasán boscaí bruscair um athchúrsáil na n-éadaí curtha ar fáil saor in aisce ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fud na cathrach (féach www.dublincity.ie).

## Cad eile ba chóir daoine a thabhairt leo?

- Ar cheart dóibh bia agus deochanna a thabhairt leo le roinnt?
- Ar cheart dóibh cupáin ath-inúsáidte a thabhairt leo?
- Ar cheart dóibha gcuid málaí féin a thabhairt leo nó an bhfuil na málaí a gcur ar fáil agatsa?


## Conas a ndéanfar an bhabhtáil?


Déan oibriú córas na babhtála a phleanáil.

Is féidir licín simplí a úsáid in ionad airgid. D'fhéadfá licín amháin a thabhairt do gach earra a thugtar chuig an imeacht. Is féidir cnaipí a úsáid mar licíní.

Caithfear an cinneadh dhéanamh go mbeadh nó nach mbeadh an luach céanna ag gach earra. Más éagsúil iad, scríobh amach luach na n-earraí ar phraghasliosta, m.sh. licín amháin le haghaidh chrios, dhá licín le haghaidh ghúna srl.

Is féidir na licín a úsáid le haghaidh earra éadaigh nó cúlpháirtí nua a 'cheannach'.





Cuimhnigh cé mhéad comhartha a fhaigheann gach éinne a scríobh síos ionas go mbeadh gach rud in eagar.

Má tá airgead á bhailiú agat ag an mbabhtáil, d'fhéadfadh daoine licíní breise a cheannach agus an t-airgead seo a chur le do chúis.

## Conas a thugaim cuireadh chun an babhtáil do dhaoine?

Más babhtáil bheag í, is féidir cuirí simplí a thabhairt, m.sh. cúpla glao gutháin nó teachtaireacht ar ghrúpa WhatsApp.

I gcás imeachta níos suntasaí, b'fhéidir gur mhaith leat á chur ar Eventbrite nó ar ardán meáin shóisialta mar Instagram, TikTok nó Facebook. B'fhéidir gur mhaith leat fógrá a chur suas nó bileoigín a scapeadh i siopaí na háité.

### Ba chóir seo a leanas a chur in iúl le do chuireadh:

- Am, dáta agus suíomh na hócáide
- Táille cead isteach má tá costas i gceist
- Sonraí teagmhála agus nasc áirithinte má tá tú ag fógraíocht ar líne
- Dáta freagartha nó dáta deiridh chun áirithint a dhéanamh ionas go mbeidh a fhios agat cé mhéad duine atá ag teacht
- Cineál agus líon na n-earraí lena nglactar
- Eolas faoi rudaí eile ba chóir do dhaoine a thabhairt leo, m.sh. málaí, cupáin ath-inúsáidte, sneaiceanna srl
- Eolas faoin gcaoi a n-oibreoidh an bhabhtáil.

Déan iarracht cuireadh a thabhairt do dhaoine dhá nó ceithre sheachtain roimh an mbabhtáil. Má tá tú ag fógraíocht ar líne nó ar aipeanna teachtaireachta, seol meabhrúchán lá nó dhó roimh an mbabhtáil.

## B'iontach an ócáid í. Conas is féidir linn an rath a scaipeadh?

Laghdaigh gach earra a babhtáladh ag d'imeachtsa an gá le hearraí nua a cheannach. Rinne an bhabhtáil astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, dramhaíl a chosc agus uisce a shábháil. Seo rud le ceiliúradh!

Seol teagmháil leantach chuig do chuid aíonna. Déan á gcur ar an eolas cé mhéad earra ar tugadh saol nua dóibh!



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION